# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**22ú Márta 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

**AIFRINN NA SEACHTAINE**

**21.03** Satharn 7 i.n.
Bridget & Eddie Doogan,Cill Ulta
**22.03** Domhnach 9 r.n.
Patrick & Josephine McClafferty, An Ardaí Bheag
**22.03** Domhnach 11 r.n.
**23.03** Luan 7 i.n.
**24.03** Máirt 10 r.n.
**25.03** Céadaoin 7 i.n.
**26.03** Déardaoin 7 i.n.
**27.03** Aoine 7 i.n.
Margaret agus Michael Sharkey,Sruthán
**28.03** Satharn 7 i.n.
Harry Mac Pháidín,Machaire Rabhartaigh
**29.03** Domhnach 9 r.n.
**29.03** Domhnach 11 r.n.

**BÁS LE GAIRID**

Nora Ferry, Doire Chonaire
Tommy McFadden, An Fál Carrach
Cha Mc Gee, An Fál Carrach
Brian an Dubhgáin as Glascú (Caiseal Na gCorr / Fál carrach)
Michael Curran,Baile an Teampaill/Loch an Iúir

**CUIMHNEACHÁIN BÁIS**

Columba Collum,An Ardaí Bheag

**THE IRISH CATHOLIC**

- Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE**
Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL –** Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 1965933.

**CRUINNIÚ AIRGID** Tógadh €1,685 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**DÁTAÍ DON DIALANN**
**25.04.26 - Cóineartú**
**23.05.26 - An Chéad Chomaoineach**

ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE - Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.
PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE Dé Domhnaigh 7.00 i.n

**AN CÚIGIÚ DOMHNACH DEN CHORGHAS A**

**AN CHÉAD LEACHT:**

**Sliocht as leabhar Ezícéal fáidh. 37:12-14.**

Seo mar a deir an Tiarna Dia: Tá mé chun bhur n-uaigheanna a oscailt, a phobail,chun sibh a thabhairt aníos as bhur n-uaigheanna; agus seolfaidh mé abhaile sibh go tír Israél. Tuigfidh sibh ansin, a phobail, gurb mise an Tiarna nuair a fhosclóidh mé bhur n-uaigheanna, nuair bhéarfaidh mé aníos sibh as bhur n-uaigheanna. Cuirfidh mé mo spiorad ionaibh agus mairfidh sibh, agus socróidh mé síos sibh in bhur dtír féin; ansin a thuigfidh sibh gur mise an Tiarna a dúirt agus a rinne seo. Is é an Tiarna a deir é.

.**Briathar an Tiarna. FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM:**

Is ag an Tiarna atá trócaire,
agus tá fuascailt aige go flúirseach.

**AN DARA LÉACHT**

**Sliocht as litir Naomh Pól chuig na Rómhánaigh.**

**8:8-11.** A bhráithre, na daoine atá faoi réir na colainne ní féidir daofa Dia a shásamh. Ach níl sibhse faoi réir na colainne, ach faoi réir an Spioraid ós rud é go gcónaíonn Spiorad Dé ionaibh. Ach an duine nach bhfuil Spiorad Dé ann ní le Críost é. Ach má tá Críost ionaibh, más marbh féin bhur gcorp de thairbhe an pheaca, bíonn bhur spiorad beo de thairbhe na fíréantachta. Go deimhin, má bhíonn spiorad an té a thóg Íosa ó mhairbh ionaibh, déanfaidh an té sin a thóg Críost ó mhairbh bhur gcorp básmhar a bheochan trína Spiorad a chónaíos ionaibh.**Briathar an Tiarna.FR. Buíochas do Dhia.**

**VÉARSA**

'Mise an tAiséirí agus an Bheatha,' a deir an Tiarna;
'An té a chreideann ionamsa ní bhfaighidh sé bás choíche'

**SOISCÉAL**

**Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin.**

**11:3-7, 17, 20-27, 33-45.**

San am sin chuir deirfiúracha Lazaras teachtaireacht chuig Íosa ag rá; "A Thiarna, féach, tá an té is ionúin leat tinn." Nuair a chuala Íosa sin dúirt sé: "Ní chun báis an tinneas seo ach chun glóire Dé, ionas go dtabharfaí glóir do Mhac Dé tríd."

Bhí grá ag Íosa do Mharta agus do Mháire agus do Lazaras. Nuair a chuala sé go raibh sé breoite, mar sin féin, d'fhan sé dhá lá san áit a raibh sé. Ansin dúirt sé lena dheisceabail: "Téimis go hIúdáia arís."

Ar theacht d'Íosa, fuair sé é agus é ceithre lá cheana féin san tumba. Nuair a chuala Marta go raibh Íosa ag teacht, chuaigh sí amach ina airicis. D'fhan Máire ina suí sa teach. Dúirt Marta ansin le hÍosa: "A Thiarna, dá mbeiféasa anseo ní bhfaigheadh mo dheartháir bás. Ach tá fhios agam anois féin, cibé ní a iarrfaidh tusa ar Dhia, go dtabharfaidh Dia duit é." Dúirt Íosa leí: "Éireoidh do dheartháir arís." "Tá fhios agam," arsa Marta leis. "go néireoidh sé arís san aiséirí an lá deireannach."Dúirt Íosa leí:
"Mise an tAiséirí agus an Bheatha;

an té a chreideann ionamsa, fiú amháin má fhaigheann sé bás, beidh sé beo,agus gach duine atá beo agus a chreideann ionamsa, ní bhfaighidh sé bás choíche.
An gcreideann tú an méid sin?"“Creidim, a Thiarna,” ar sí. “Creidim gur tú Críost, Mac Dé - an té a tháinig isteach sa saol.” Ansin nuair a chonaic Íosa í ag caoineadh agus na Giúdaigh a tháinig léi ag caoineadh fosta, rinne sé osna ina spiorad, tháinig buaireamh air féin agus dúirt sé: “Cá bhfuil sé curtha agaibh?” Dúirt siad leis: “Tar, a Thiarna, go bhfeice tú.” Ghoil Íosa. Dúirt na Giúdaigh dá bhrí sin: “Féach, cad é an grá a bhí aige dó!” Ach dúirt cuid acu; “An fear seo a d’oscail súile an daill, nár fhéad sé an fear a choinneáil ó bhás a fháil?” Tháinig Íosa ansin go dtí an tumba, agus é faoi thocht mór arís; uaimh a bhí ann, agus bhí cloch mhór ina luí ar a bhéal. Dúirt Íosa: “Tógaigí an chloch.” Dúirt Marta, deirfiúr an té a bhí marbh, leis: “A Thiarna, tá droch bholadh as anois, óir tá sé ceithre lá marbh.” Dúirt Íosa leí: “Nár dhúirt mé leat; má chreideann tú go bhfeicfidh tú glóir Dé?” Thóg siad an chloch agus d’ardaigh Íosa a shúile agus dúirt.“A Athair,bheirim buíochas duit gur éist tú liom; bhí ‘fhios agam go mbíonn tú i gcónaí ag éisteacht liom,ach tá an méid sin ráite agam mar mhaithe leis na daoine atá ina seasamh thart anseo, ionas go gcreide siad gur tú a chuir uait mé.”Nuair a bhí sin ráite aige, ghlaoigh sé de ghlór ard: “A Lazaras, tar anseo!” Ar an bhomaite tháinig an té a bhí marbh amach agus a lámha agus a chosa ceangailte in éadaí báis, agus bhí a aghaidh ceangailte le h-éadach lámh. Dúirt Íosa leo: “Scaoiligí é agus ligigí chun siúil é.” Dá bhrí sin, mórán de na Giúdaigh a tháinig chuig Máire agus Marta agus a chonaic a ndearna sé, chreid siad ann.

**Soiscéal an Tiarna.FR. Moladh duit, a Chríost.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.
Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**Medjugorje 31.03.2026**
Oilithreacht go Medjugorje Cáisc 2026. Márta 31ú @ 7 lá. Costas €899 le Treoraí Spioradalta Eolas ó Bheirní 087 935 3953
Oilithreacht Cairde Mhuire Lourdes. 2026
24ú Meitheamh ar feadh 5 oíche. €995 Óstan Padoue, as B.A.C. Treoraí Spioradaltá An Sagart Pádraig Ó Baoighill. Eolas ó Bheirní 087 935 3953

**TAE AGUS COMHRÁ**
Beidh tae agus comhrá i dTeach a’ Cheoil Dé Domhnaigh 29ú/03/26
Fáilte roimhe gach duine.

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d’eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.or

**CLÉIRIGH**
Dé Sathairn 21/03 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
Dé Domhnaigh 22/03 @ 9.00:
Dé Domhnaigh 22/03 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

Dé Sathairn 28/03 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
Dé Domhnaigh 29/03 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh
Dé Domhnaigh 29/03 @ 11.00: Orlaith Beatty, Ciara Ní Fhearraí & Jenna Nic Fhionnlaoich

**LÉITHEOIRÍ - Márta**
Dé Sathairn @ 7 i.n.Feardorcha Ó Gallchóir
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Patricia Úí hArlaigh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Mairéad Mhic Aoidh
**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Márta**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Anne Nic Suibhne & Mairead Ní Cholla
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Nóirín Nic Aoidh & Bríd McCurry
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Séamus ó Briain & Pearse O’Reilly

**CLEACHTADH DON CHÓR**
Cleachtadh don Cóir gach oiche Luain, 7.40 i.n.
An tSeachtáin Mhór, Cásca agus an Cóineartú

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**
**Dé Luain**
Dé Luain: Glígíní (Grúpa Tuismitheorí & Tachráin) 10-11.30 r.n.
Dé Céadaoine: Mná Phort Mhaise 10-12 r.n
Déardaoin: Aeróbaice Chathaoir 11-12 i.n. Aeróbaic Chéime 12-12.30
Cardaí 7.30 i.n.€5
Bhain Mary McConnell, Glenswilly €157
ar an 50/50, comhghairdeachas. Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 07692

Beidh caint ar sheanchas agus scéalta faoi Niamh Dubhthach agus Oileàn Dúiche a thabhairt ag Micheàl Ó Domhnaill , Deardaoin 26 Màrta 7.30 Óstàn Loch Altan. A eagrú ag Coiste Comóradh Cholàiste Uladh.

**BIGIL NÁISIÚNTA POIBLÍ AOINE AN CHÉASTA**
Beidh níos mó ná 100 Bigil Poiblí á reáchtáil ag Human Life (Éire) fud fad na tíre ag 12.00 (meán lae) -1.00 i.n. ar Aoine an Chéasta ag grotto Bedlam 03.04.26 le seasamh a dhéanamh d'Aghaidh Naofa Íosa, agus le beatha a chosaint, le cois an chreideamh, agus an teaghlach in Éirinn.
Beidh paidrín ag grotto Bedlam 12-1 Aoine Chéasta